

## PAIDIR AR SON NA HEAGLAISE IN ÉIRINN

A Dhia ár nAthar,

Déan athnuachan ar an gcreideamh a thugann beatha agus slánú chugainn,  
an dóchas a gheallann maithiúnas agus athbheochan phearsanta dúinn,  
agus an charthanacht a dhéanann sinne a íonghlanadh agus ár gcroí a oscailt, ionas go  
mbeidh grá againn duitse, agus uaidh sin do gach aon duine dár ndeartháireacha agus dár  
ndeirfiúracha.

A Thiarna Íosa Críost,

Go ndéanfaidh an Eaglais in Éirinn, an tiomantas seanbhunaithe a athnuachan maidir le  
hoideachas oiriúnach a chur ar an óige, agus iad a threorú ar an mbealach chun na fírinne,  
chun na maitheasa, chun na naofachta agus chun freastal fial flaithiúil a dhéanamh ar an  
bpobal.

A Spioraid Naoimh,

Tusa a thugann sólás, treoir agus tacaíocht dúinn,  
Deonaigh go spreagfar borradh agus bláthú úr naofa  
agus dúthracht chun na haspaltachta san Eaglais in Éirinn.

Go gcinnteoidh an aithrí agus an caoineadh a dhéanaimid,  
an iarracht mhacánta gach éagóir a rinneadh a leigheas,  
agus an rún daingean chun leasaithe atá ionainn,  
go mbeidh barr flúirseach grásta ar fáil a chiallóidh méadú mór  
ar an gcreideamh inár dteaghlaigh féin,  
inár bparóistí, sna scoileanna agus i measc an phobail,  
rud a chuirfidh go mór le spioradáltacht na sochaí Éireannaigh,  
agus fás na carthanachta, an chirt, na lúcháire agus na síochána  
i measc phobail iomlán na cruinne.

Is ortsa, a Dhia Trí-Aonta,

Agus muinín mhór againn i gcoimirce ghrámhar Mhuire, Banríon na hÉireann agus ár máthair  
féin, i Naomh Pádraig, i Naomh Bríd agus in iomlán na Naomh, a  
chuirimid ár gcúram féin, cúram ár gclann,  
agus cúram riachtanas na hEaglaise in Éirinn.

Áiméan.

BENEDICTUS PP. XVI

19 Márta 2010

